Art Abú- Dúrún Dhonnabháin

Lch	Téarma	Míniú
4	Sna bólaí seo	san áit seo
	tá drochbhail air	tá sé i ndrochstaid
	ní mór dúinn	caithfidh muid
	go beo	láithreach, anois díreach
	goitsigí	tagaigí anseo
	bunaitheoir	duine a thosaíonn rud éigin/ a chuireann rud éigin ar bun
5	leis na cianta cairbreacha	ó fhadó fadó, le tamall fada
	opus	saothar tábhachtach
	aois na leanbaíochta	seanaois agus ag éirí lag
	raidht	abair, ceart
	tiomnaigh; maoin a thiomnú do dhuine	maoin/airgead a fhágáil ag duine éigin tar éis duit bás a fháil nó rud éigin a dhéanamh in ómós do dhuine éigin eile
	an stócach/ na stócaigh	an buachaill/na buachaillí
	is dúrún é	is rún mór mistéireach é
	tá maoin agam	tá airgead/saibhreas agam
	téigh leis an bhféith	téigh sa treo ina bhfuil an fhéith (féith = feadáin sa chorp trína ritheann fuil)
	go glé	go soiléir, go geal
7	tá sé seang	tá sé tanaí
	an maide	an píosa adhmaid/an bata
	caid; ag imirt caide	peil; ag imirt peile

8	ar feadh meandair	ar feadh nóiméid
	dhá bhomaite	dhá nóiméad
	Níl a dhath le socrú againn	níl dada/faic le socrú againn
	braith (braithim)	mothaigh (mothaím)
	aidhe!	cinnte!
9	beidh orainn gearradh siar ar chostais	beidh orainn costais a laghdú
	an maoiniú	airgead a fhaightear chun rud a dhéanamh, scoil a reáchtáil, mar shampla
	tá tréan acu ann	tá neart/go leor acu ann
	tá fiacha móra orainn	caithfidh muid suim mhór airgid a íoc ar ais leis an mbanc nó leis an duine a thug dúinn é
	in achar chomh gearr	i dtréimhse chomh gearr
10	beimid ar an dól	beidh orainn airgead a fháil ón rialtas (tugann an rialtas airgead do dhaoine dífhostaithe/ nach féidir post a aimsiú)
	is féidir leoga	is féidir gan amhras/cinnte
	Brídín bhreabhsánta	Brídín bheoga, bhríomhar
13	an dorchla	an pasáiste
14	le dúthracht	go díograiseach
	go scafánta	go lúfar, lan de bhrí
15	ag suirí	ag dul amach len chéile
16	faoi cheilt	faoi rún, i bhfolach
	corpán	duine marbh
17	tá mo sháith agam	tá a dhóthain agam
20	crann giúise	crann síorghlas spíonlach

21	folaigh	cuir rud i bhfolach
	druidte	dúnta
22	ascaill	cuid den chorp, faoin ngualainn. Is féidir do lámha a chur faoin ascaill chun iad a théamh.
24	cloch ghreanta	cloch shnasta
25	an foghlaí mara	creachadóir ar an bhfarraige
28	an pleota	an t-amadán, an pleidhce
29	ag drannadh	fiacla a thaispeáint do dhuine ar dhóigh a chuirfeadh eagla orthu, mar a dhéanann madra míshásta.
	an t-arracht	créatúr uafásach ollmhór agus cuma bhagrach/scanrúil air
32	ní bheidh fágtha ach draoib	ní bheidh fágtha ach cré fhliuch shalach
35	an díle mhór	tuile mhór a fhágann talamh faoi uisce
	san fhaopach	i bponc
39	tá dealramh agat leis	tá tú an-chosúil leis
40	coigilteas	airgead curtha i dtaisce, airgead atá sábháilte
42	an phlásóg	an fhaiche, áit le féar uirthi.
43	ceann scríbe	an áit ar mhaith leat dul; do sprioc.

Saibhreas cainte

ní dhearna mé d'aon ghnó é	ní raibh sé i gceist agam é a dhéanamh, ní dhearna mé d'aon turas é
mar bharr ar an donas	níos measa fós
ag dó na geirbe agam	ag cur isteach orm

in am an ghátair	nuair atá géarghá le cabhair.
chomh dubh le pic	dubh dorcha
cuir sa mheá	smaoinigh ar an bpictiúr iomlán, smaoinigh ar gach pointe a bhaineann leis an scéal
chomh folláin le breac	i mbarr na sláinte
faic na ngrást	rud ar bith, tada